

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026
(OR. en)**

9399/26

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2026/0011(COD)
2026/0012(COD)

LIMITE

**CYBER 229
JAI 606
DATAPROTECT 161
TELECOM 239
MI 489
IND 342
CADREFIN 220
FIN 697
BUDGET 19
CSC 316
CODEC 937**

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, agus slándáil an tslabhra soláthair TFC agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/881 (an Dara Gníomh um Chibearshlándáil) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2555 a mhéid a bhaineann le bearta simpliúcháin agus ailíniú leis an [Togra le haghaidh an Dara Gníomh um Chibearshlándáil] – Tuarascáil ar dhul chun cinn

Dhréachtaigh an Uachtaránacht tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, agus slándáil an tslabhra soláthair TFC agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/881 (an Dara Gníomh um Chibearshlándáil), chun tuarascáil a thabhairt ar an obair a rinne comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle go dtí seo agus ar staid na himeartha i ndáil leis an scrúdú ar an togra.

RÉAMHRÁ

1. An 20 Eanáir 2026, mhol an Coimisiún pacáiste nua cibearshlándála chun athléimneacht agus cumais chibearshlándála an Aontais a neartú. Is éard atá sa phacáiste **Rialachán** maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, agus slándáil an tslabhra soláthair Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus aisghairtear Rialachán (AE) 2019/881 (an Gníomh um Chibearshlándáil) leis. Comhlánaítear an Rialachán seo ('an Dara Gníomh um Chibearshlándáil') le **Treoir** lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2555 (an Dara Treoir NIS) a mhéid a bhaineann le bearta simpliúcháin agus ailíniú leis an [Togra le haghaidh an Dara Gníomh um Chibearshlándáil].
2. Roimh an togra, sna Conclúidí uaithi maidir le ENISA an 6 Nollaig 2024¹, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún ról ENISA a scrúdú agus a neartú a thuilleadh maidir le tacú leis an gcomhar oibríochtúil ar leibhéal an Aontais agus i measc na mBallstát ó thaobh an chibear-athléimneacht a fheabhsú, agus inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin á gcur san áireamh. Iarradh ar an gCoimisiún freisin a áirithiú go mbeadh sainordú ENISA chun tacú leis na Ballstáit dírithe agus sainithe go soiléir, agus go mbeadh cuspóirí straitéiseacha nithiúla agus cúraimí tosaíochta ag baint leis, chomh maith le cúraimí agus inniúlachtaí a roinnt ar bhealach níos beaichte i ndáil le gníomhaithe eile. Thathantaigh an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin leas a bhaint as an meastóireacht ar an nGníomh um Chibearshlándáil chun bealaí a aimsiú chun cur chuige níos barainní, níos rioscabhunaithe agus níos trédhearcaí agus níos tapúla a bheith ann maidir le scéimeanna an Aontais um dheimhniú cibearshlándála a fhorbairt. Thairis sin, sna Conclúidí uaithi² an 21 Bealtaine 2024 maidir le todhchaí na cibearshlándála, leag an Chomhairle béim ar a tiomantas slabhraí soláthair TFC slána a áirithiú agus chuir sí chun suntais ábharthacht na dtosca riosca neamhtheicniúla, lena n-áirítear tionchar míchuí arna imirt ag tríú Stáit ar sholáthróirí agus ar sholáthraithe. Ar deireadh, sna Conclúidí ón gComhairle³ an 17 Deireadh Fómhair 2022 maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC, cuireadh i dtábhacht an gá atá le hathléimneacht agus slándáil slabhraí soláthair TFC a neartú, i bhfianaise thionchar an teannais gheopholaitiúil agus an spleáchais ar tháirgí agus seirbhísí TFC.

¹ 16527/24

² 10133/24

³ 13664/22

3. Is é is cuspóir don togra le haghaidh Rialacháin, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, creat cibearshlándála an Aontais a neartú. Treisíonn sé ról agus cúraimí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) chun tacú leis na Ballstáit agus le heintitis an Aontais ardleibhéal cibearshlándála, athléimneachta agus muiníne a bhaint amach san Aontas. Tá sé d'aidhm aige an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun go mbeifear in ann scéimeanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme níos tapúla. Bunaítear leis an togra freisin creat de chuid an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC iontaofa, lena dtugtar aghaidh ar thosca riosca neamhtheicniúla agus ar spleáchais a dhéanann difear do shlándáil bonneagair agus seirbhísí TFC criticiúla. Tá bearta simplithe spriocdhírthe ag gabháil leis a bhaineann le cur chun feidhme an Dara Treoir NIS⁴, arb é is aidhm dóibh ceanglais chomhlíontachta a shimpliú, ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú agus soiléireacht dhlíthiúil a mhéadú.
4. Tá an togra seo ar cheann de na spriocanna insoláthartha tosaíochta sa treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin'⁵ a síníodh ar imeall chruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais a tionóladh sa Chipir an 24 Aibreán 2026.
5. Cheap Parlaimint na hEorpa Gregorová Markéta (Na Glasaigh/SCE) mar rapóirtéir ar Choiste ITRE, arb é an coiste atá freagrach as an ábhar.
6. An 29 Aibreán 2026, d'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim maidir leis an togra⁶.

⁴ IO L 333, 27.12.2022, lch. 80.

⁵ 8473/26

⁶ 8980/26

STAIÐ NA HIMEARTHA I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

7. Rinneadh cur i láthair ginearálta ar an bpacáiste cibearshlándála ag cruinniú den Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna an 26 Eanáir 2026 agus ag cruinniú de Choiste na mBuanionadaithe an 28 Eanáir 2026.
8. Thosaigh an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna an togra a phlé an 2 Feabhra 2026 le cur i láthair mionsonraithe ón gCoimisiún. Lena linn, chuir an Coimisiún torthaí na tuarascála meastóireachta, an ráitis airgeadais reachtaigh agus an mheasúnaithe tionchair i láthair.
9. An 23 Feabhra 2026, chuir an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna tús le léamh an Rialacháin atá beartaithe.
10. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an togra agus thacaigh siad i gcoitinne lena chuspóirí foriomlána, go háirithe tacaíocht ENISA do chomhar oibríochtúil na mBallstát a neartú agus an creat deimhniúcháin a chuíchóiriú. Léiríodh sa phlé freisin, áfach, go mbeadh gá le tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar roinnt gnéithe den togra. D'iarr na toscaireachtaí soiléiriú breise maidir leis an ról oibríochtúil méadaithe agus na cúraimí atá beartaithe do ENISA mar atá luathfholáirimh a eisiúint, deasc chabhrach na mbogearraí éirice a chruthú agus ról ENISA i ngréasán CSIRTanna. Cheistigh roinnt toscaireachtaí na himpleachtaí acmhainní do na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis an rannchuidiú atá beartaithe de bheirt saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna) in aghaidh an Bhallstáit chun tacú le cúraimí ENISA. Is gá tuilleadh plé a dhéanamh ar rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta freisin. Leag na toscaireachtaí béim ar an ngá atá le níos mó soiléireachta agus beachtas maidir le sainmhínithe agus coincheapa a úsáidtear ar fud an togra. Bhí gá le soiléirithe breise freisin maidir le comhdhéanamh bhuiséad ENISA, go háirithe maidir le táillí a thobhach.

11. Ba dhíol sásaimh i gcoitinne iad na forálacha nua chun an próiseas deimhniúcháin a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla cé gur sainaithníodh go raibh gá ginearálta le rannpháirtíocht mhéadaithe na mBallstát ar feadh an phróisis deimhniúcháin. Ba dhíol sásaimh i gcoitinne cineál deonach an deimhnithe. Mar sin féin, cheistigh na toscaireachtaí cuid de na spriocdhátaí atá beartaithe faoin gcreat deimhniúcháin.
12. Léiríodh roinnt ábhar inní i measc na mBallstát sa phlé ar an gcreat maidir le slabhraí soláthair TFC iontaofa. D'iarr na toscaireachtaí go ndéanfaí soiléiriú breise ar an modheolaíocht agus ar na nósanna imeachta chun sócmhainní tábhachtacha TFC agus soláthróirí ardriosca a shainaithint, agus ar raon feidhme na mbeart atá beartaithe agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu. Leag na toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá sé leibhéal iomchuí rannpháirtíochta a áirithiú do na Ballstáit.
13. Chuir roinnt toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach maidir le codanna éagsúla den togra, go háirithe maidir le gnéithe rialachais, le húsáid gníomhartha cur chun feidhme agus leis an sásra atá beartaithe chun soláthróirí ardriosca agus slándáil an tslabhra soláthair TFC a shainaithint.
14. Tar éis an phlé a rinneadh sa Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna, iarradh ar na Ballstáit barúlacha i scríbhinn a chur isteach maidir leis na forálacha i ndáil le Teideal I a bhaineann le forálacha ginearálta agus Teideal II a bhaineann le ENISA. Chuir 23 Bhallstát aighneachtaí isteach. Ina dhiaidh sin, iarradh ar na Ballstáit barúlacha i scríbhinn a chur isteach maidir le Teideal III a bhaineann leis an gcreat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála. Ghlac 20 Ballstát an deis a seasamh a chur isteach i scríbhinn.
15. Ar bhonn na n-aighneachtaí i scríbhinn sin ó na Ballstáit agus ar bhonn na hoibre laistigh den Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna, dréachtóidh an Uachtaránacht téacs comhréitigh maidir le Teidil II (ENISA) agus III (an Creat Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála) a chuirfear i láthair ag cruinniú na Meithle Cothrománaí um Chibircheisteanna go luath i mí an Mheithimh 2026.

16. D'iarr roinnt Ballstát ar Sheirbhís Dlí na Comhairle oiriúnacht an bhunúis dlí a scrúdú.
17. Cuirfidh an Uachtaránacht tús leis an léitheoireacht maidir le bearta simpliúcháin an Dara Treoir NIS ag deireadh mhí na Bealtaine 2026.
18. Cúig cinn déag de chruinnithe ar fad a bheidh tionólta ag an Meitheal Chothrománach um Chibircheisteanna maidir leis an togra le haghaidh an Dara Gníomh um Chibearshlándaíl faoi Uachtaránacht na Cipire.
19. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh faoi Uachtaránacht na Cipire, tá sé beartaithe ag Uachtaránacht inteachta na hÉireann leanúint den obair ar an gcomhad tábhachtach seo.
20. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn atá déanta maidir leis an scrúdú ar an togra le haghaidh Rialacháin a thabhairt dá n-aire.